Eagrán : Samhain 2012

NUACHTLITIR

# Gaelscoil Thaobh na Coille

## Beallairmín, An Chéim, B.Á.C. 18

28/11/2012

San eagrán seo:

Inside this issue:

Comhgháirdeas 1
Congratulations

Ronnie Delany 2
Cuairteoir Speisialta
A Special Visitor

Ceolchoirm na Naíonáin 2
Christmas Concert

Seirbhís Carúil 3
Carol Service
R1–R6

Áille & Brúid 3
Beauty & the Beast
R1–R6

Achainní Bia SVP 3
Food Appeal 2012

Cruinnithe 3
Tuistí/Múinteoirí
Buíochas

Oíche Scannánaíochta 4
Movie Night

Boscaí Bróg na Nollag 4
Shoe Box Appeal

Maidineacha Droch-Bháistí 4
Very Wet Mornings

Cór na nÓg 4
National Children's Choir

Maidin Caifé 4
Coffee Morning





*Foireann Peile na mBuachaillí & Foireann Peile na gCailíní*

## Gaelscoil Abú!

Comhgháirdeachas ollmhór le foireann peile na gcailíní agus na mbuachaillí a bhain an ceann is fearr amach sa dá chraobh chluiche a d'imir siad ar son na scoile i bPáirc an Chrócaigh ar an Luan.

Bhain foireann na mbuachaillí an ceann is fearr amach ar Our Lady's BNS, Baile an tSaoir i Sciath Chlanna Gael agus bhuaigh foireann na gcailíní Corn an Chladaigh in aghaidh St. Mary's, Dúmhach Trá.

Imríodh dhá sár-chluiche, ach caithfear a rá go raibh ár gcroíthe inár mbéil againn ar fad i rith cluiche na gcailíní mar nach raibh a fhios againn ó nóiméad go nóiméad cén fhoireann a rachadh chun tosaigh & a bhéarfadh an Corn abhaile leo. Bhíomar ar cipíní i rith an ama agus fiú agus an fheadóg dheirneach séidte níor thosaigh na cailíní ag ceiliúradh gur dhearbhaigh an réiteoir leo gurb acu a bhí an bua le aon phointe amháin!

Tá ard-mholadh ag dul do na daltaí ar fad ar phainéal na gcailíní & na mbuachaillí as a ndíograis & a ndúthracht agus iad ag freastal ar sheisiúin traenála ar bhonn seachtainiúil ó thús na bliana.

Gabhaimíd buíochas speisialta leis na múinteoirí a thugann a gcuid ama & a gcuid fuinnimhe go flaithiúil leis an traenáil a dhéanamh i ndiaidh am scoile. S'iad siúd Cormac Chambers, Máirín Ní Dhubhthaigh, Maoilíosa Ó Dubhthaigh, Máire Mhic Gabhann & Eavan Ní Mhuirgheasa.

Gabhaimíd buíochas leis na tuistí ar fad as a gcuid tacaíocht agus as ucht na síobanna uilig.

*A huge congratulations to the girls and boys football teams on winning their respective football finals in Croke Park on Monday.*

*The boys team beat Our Lady's BNS, Balinteer in the Clanna Gael Shield and the girls team were victorious in Corn an Chladaigh against St. Mary's, Sandymount.*

*Two excellent games were played but it has to be said that our hearts were in our mouths during the girls match as we didn't know from minute to minute which of the two teams were going to score the winning points to take home the cup. It was a tightly fought match and the girls didn't even dare to celebrate until the final whistle was blown and the referee had verified that they had won by one point!*

*All the pupils on both the girls and boys panels deserve great praise for the diligence and dedication they show not only during their matches but also during their weekly training sessions.*

*I would like to add a special 'Go raibh maith agaibh' to the múinteoirí who give of their own free time to train the pupils after school hours. They are -* Cormac Chambers, Máirín Ní Dhubhthaigh, Maoilíosa Ó Dubhthaigh, Máire Mhic Gabhann & Eavan Ní Mhuirgheasa.

*Thanks also to the parents for their continued support and for bringing the children to and from the matches. We could not do it without your support and help.*

Emer Nic Chonchradha
*Príomhoide*



## Éachtaí Eile
Other Achievements

2000 Portráid de Ronnie Delany coimisiúnaithe ag an nGailearaí Náisiúnta.
*National Gallery commission a portrait of Ronnie Delaney by James Hanley for public display in the gallery.*



2006 Lúnasa : D'eisigh An Post stampa ag comóradh 50 bliain ó bhuaigh Ronnie Delany Bonn Óir 'sna cluichí Oilimpeacha i 1956.
*An Post issue a stamp to mark the 50th anniversary of Ronnie Delaney's Gold Medal Win*




2006, Bronnadh Saoirse Chathair Bhaile Átha Cliath ar Ronnie Delany.
*Delany was granted the Freedom of the City of Dublin*

2006 : Bhronn Ollscoil Átha Cliath céim onórach Dochtúracht sa Dlí ar Ronnie Delany
*Ronnie Delany was conferred with an honorary Doctor of Laws Degree by University College Dublin*

Saoire na Nollag

Christmas Break

Scoil ag Dúnadh
School Closing

Aoine Friday 21/12/12

12.00

# Cuairt ó Ronnie Delaney : A Special Visitor to the School



*An Dr Ronnie Delany- Buaiteoir Bonn Óir sa rás 1500m Cuichí Oilimpeacha Melbourne 1958 le daltaí ó R2B*

Tháinig Ronnie Ó Dubhshláine ar cuairt chun na scoile le labhairt le Daltaí R2 go R6 faoin tréimhse ina shaol nuair a bhí sé ag lúthchleasaíocht go hidirnáisiúnta ar son na hÉireann. Labhair sé faoin uair gur bhuaigh sé bonn óir ar son na hÉireann 'sna cluichí Oilimpeacha i 1956 agus thug sé leis a bhonn óir agus lig sé do na daltaí ar fad féachaint & breith ar.

B'é Ronnie Delany an duine is óige agus an seachtú duine riamh míle a rith i níos lú ná ceithre nóiméad, sular bhain sé bonn óir amach d'Éirinn ag na Cluichí Oilimpeacha i Melbourne i 1956.
B'é Ronnie an chéad Éireanach a bhuaigh bonn sa rás 1500m sna cluichí Eorapacha Stockholm i 1958.
Bhunaigh sé trí churiarracht dhomhanda i mbéal a chéile don mhíle taobh istigh & bhain sé daichead rás i mbéal a chéile taobh istigh idir 1955 agus 1959.
I 1962 d'éirigh sé as an lúthchleasaíocht.

Labhair Ronnie go hálainn leis na daltaí agus táimid thar a bheith buíoch dó as sásta teacht chun cainte leis na páistí.

*Ronnie Delany visited the school to speak to the pupils from R2 to R6 about his experiences competing as an international runner. He spoke about his great gold medal win in the Olympics in 1956 and he brought along his medal so that all the children could see and hold it.*

*Ronnie Delany was the first Irishman to win an Olympic gold medal for Ireland in the 1500m race in Melbourne in 1956. He was the Indoor Mile World Record Holder from 1958 to 1962 breaking the indoor Mile Record on three occasions. Delany's athletic career also included an unprecedented and unsurpassed 40 straight victories "indoors" in America from 1956 to 1959 including 33 mile races.*
*He retired from Athletics in 1962.*

*We were delighted and privileged that he agreed to come to visit the school.*

# Ceolchoirm Nollag na Naíonáin
## Infant Classes Christmas Concert

Beidh Ceolchoirm Nollag na naíonáin ar siúl i halla na scoile ar an gCéadaoin an 12 Nollaig ag a 12.30pm. Ranganna N1A/ N1B/N1C & N2A/N2B a bheidh ag glacadh páirte sa cheolchoirm. Is féidir leis na páistí teacht ar scoil gléasta 'sna héadaí ceolchoirme ar an lá sin.
Fáilte roimh chách.
Beidh cead párcála ar chlós súgartha na scoile óna 12.15pm ar aghaidh ar an lá seo.

*The infant classes will perform their Christmas concert on Wednesday the 12th of December at 12.30pm in the school hall. The pupils from N1A/N1B/N1C & N2A/N2B will be participating in the concert. The children may come to school in costume on that day.*
*All are welcome.*

*Parking will be permitted in the school yard from 12.15pm on this occassion.*

*Daltaí ó Rang na Naíonáin 2011/2012*





*Ceolchoirm Nollag na Naíonáin N1 & N2 Dé Céadaoin 12 Nollaig*

*12.30pm*

# Seirbhís Carúil Carol Service



Seirbhís Carúil
R1-R6
Dé hAoine 14 Nollaig

Beidh Seirbhís Carúil na Nollag ar siúl ar anAoine an 14 Nollaig i halla na scoile ag a 1.00pm. Daltaí ranganna 1-6 a bheidh ag glacadh páirte sa cheiliúradh seo. Cuirimíd lán-fháilte roimh thuismitheoirí agus gaolta uile na scoile a bheith i láthair ag an ócáid speisialta seo.

Os rud é go mbeimíd gann ar spás sa halla ní bheidh daltaí ó ranganna na naíonáin (N1 & N2) in ann a bheith sa halla i rith an seirbhís carúil. Beidh an Seirbhís Carúil feicthe acu níos luaithe an mhaidin sin.

*We will be holding a Christmas Carol Service on Friday the 14th of December at 1.00pm in the school hall. All pupils from 1st to 6th class will be participating in this Christmas celebration. We cordially invite all parents and relations to join us at this special occasion.*

*As we will be pushed for space in the hall children from the infant classes (N1 & N2) will not be able to be in the hall during the carol service. They will attend a rehearsal of the service earlier in the day.*



## Áille & Brúid Beauty & the Beast

Beidh daltaí R1 go R6 ag dul go dtí an geamaireacht *Áille & Brúid* sa Helix ar an Mháirt an 18 Nollaig. Costas €15 an duine. Airgead le seoladh isteach go dtí an múinteoir ranga roimh an Aoine an 7 Nollaig.

*R1 – R6 will be going to the Panto Beauty and the Beast in the Helix on Tuesday the 18th of December. This trip will cost €15 per person. Please send in money to the class teacher before Friday 7th December.*

## Achainní Bia 2012 Food Appeal

Society of St Vincent de Paul www.svp.ie

Le cúpla bliain anuas bhailigh Gaelscoil Thaobh na Coille bia do 'Achainní Bia Naomh Uinseann de Pól' agus tá sé i gceist againn é a dhéanamh arís an Nollaig seo. Ba chúis bhróid dúinn í, an oiread earraí a deonaíodh. Ba mhaith linn tabhairt faoi arís i mbliana agus an toradh dearfach céanna a bheith againn.

Beidh cúnamh á thabhairt ag an SVP do níos mó ná 20,000 teaghlaigh in Éireann do Nollaig na bliana seo. Trí bia a chur ar fáil beidh tú ag cinntiú go mbeidh dóthan bia ag na teaghlaigh sin le lá speisialta a dhéanamh as lá Nollaig. Fresin laghdóidh sé an brú airgid atá ar na teaghlaigh seo thar tréimhse na Nollaig agus na hAthbhliana. Dáilfear an bia seo ar pháistí agus teaghlaigh atá ar an ngannchuid tríd an gréasáin áitiúl atá ag an SVP.

Bheadh sé go híontach dá bhféadfaimís in Gaelscoil Thaobh na Coille cuidiú leis an bhfeachtas seo. Chuige sin iarraimid ar éinne gur féidir leo bia ar bith ón liosta thíos a fhágáil 'sna boscaí SVP in aice le Stábla na Nollag sa phasáiste. Beidh na boscaí seo á mbailiú ag SVP ar an Aoine, an 14 Nollaig.

*Gaelscoil Thaobh na Coille partook in St Vincent de Pauls appeal in 2010 & in 2011 and we were delighted at how successful the appeal was. We would like to undertake the appeal again for Christmas 2012, with a similar positive outcome.*

*The Society of St Vincent de Paul is the largest, voluntary, charitable organisation in Ireland with over 9,500 volunteers in Ireland. We provide help and assistance for over 20,000 families at Christmas, in the Dublin area alone. By donating non-perishable food items, you'll be helping families and individuals enjoy a special Christmas meal. In addition, by providing food to eat over the Christmas and New Year period you'll also be easing some of their financial burden. They will be distributed to the many underprivileged children and families through SVP network of local conferences and volunteers.*

*It would be great if we at Gaelscoil Thaobh na Coille could do our bit to help this very worthy cause. Non-perishable food item donations can be left in the SVP boxes beside the Crib in the main hallway of the school. The food boxes will be collected by SVP on Friday, 14th of December.*



## Cruinnithe Tuismitheoirí Múinteoirí

### Parent Teacher Meetings

Buíochas as bhúr gcomhoibriú do na cruinnithe Tuismitheoirí Múinteoirí

*Thanks for your co-operation & attendance at the Parent Teacher Meetings.*

Earraí a moltar don achainní bia
Recommended items for food appeal

Bia Stánaithe: Tinned Foods
- Torthaí/Glasraí Stánaithe
  Tinned Fruit/ Vegetables
- Anraith
- Packet/Tinned Soup
- Spagetti/Pónairí Stánaithe
  Tinned Spaghetti/Baked Beans
- Iasc Stánaithe
  Tinned Tuna/ Fish

Gránaigh & Carbaihoidráití: Cereals & Carbohydrates
- Callóga Arbhair
  Breakfast Cereals and Muesli
- Rís & Pasta
  Noodles, Rice and Pasta
- Anlann Pasta/Rís
  Pasta/ Rice Sauce
- Gránn Bharraí
  Muesli Bars

Deochanna: Beverages
- Tae & Caifé
  Tea and Coffee
- Siúcra
  Sugar
- Deochanna Milse
  Soft Drinks

Rudaí Deasa: Treats
- Seacláid
  Chocolate
- Criospaí
  Crisps
- Brioscaí

Ná Dearmad **Don't Forget**

Beatha Teanga í a Labhairt

## Oíche Scannánaíocht
### Movie Night



Tá oíche Scannánaíochta á eagrú ag Coiste na dTuismitheoirí do na páistí sa scoil ar an Aoine seo an 30 Samhain. Scannán: **'Arthur's Christmas':** Ag tosú 6.30pm: Fáilte roimh chách.

*Coiste na dTuismitheoirí are organising a movie night for the children (and their supervising parents) this Friday the 30th November. Film :* **'Arthur's Christmas'** *Starting at 6.30pm : All welcome.*

## Boscaí Bróg na Nollag Christmas Shoe Box Appeal



Míle buíochas as na Boscaí Bróg ar fad a seoladh isteach don 'Team Hope' Christmas Shoe Box Appeal.

*Many thanks to all who filled shoe boxes for the 'Team Hope' Christmas Shoe Box Appeal. Team Hope were very grateful for all the boxes received from Gaelscoil Thaobh na Coille.*

## Maidineacha Droch-Bháistí Very Wet Mornings



Ar mhaidineacha droch-bháistí déanann na daltaí a gcuid línte ranga i halla na scoile. Ní scaoilfear isteach sa scoil iad go dtí a 8.45am agus is faoi fheitheoireacht ball fóirne amháin a dhéanfar é seo.

*On very wet mornings the pupils will line up in the school hall. They will not be allowed into the hall until 8.45am and they may only do so under the supervision of a member of the teaching staff.*

## Cór Náisiúnta na nÓg **National Children's Choir**



Ar an Mháirt tháinig daltaí ó 5 scoil sa cheantair le chéile i nGaelscoil Thaobh na Coille don chéad mór chleachtadh do cheolchoirm Chór Náisiúnta na nÓg a bheidh ar siúl san Ionad Cispheile i dTamhlacht i Mí Aibreán. 259 dalta ar fad a bhí i láthair - daltaí R5 & R6 ó St Mary's, Áth an Ghainimh, Holy Trinity, Baile na Lobhar, St Patricks, Gleann Cuilinn, Our Lady of Good Counsel, Baile Eoin & sin féin. Chaitheamar an lá ar fad ag foghlaim & ag cleachtadh 8 gcinn de na hamhráin atá á fhoghlaim ó thús na bliana agus bhí ceol álainn binn le cloisteáil ag éinne a sheas lasmuigh de halla na scoile i rith an lae!

*On Tuesday pupils from 5 local schools came together in Gaelscoil Thaobh na Coille for the 1st major rehearsal in preparation for the National Children's Choir Dublin Area Concert that will be held in the National Basketball Arena in Tallaght in April. A total of 259 pupils attended the rehearsal - 5th & 6th class pupils from* St Mary's, Sandyford, Holy Trinity, Leopardstown, St Patricks, Glencullen, Our Lady of Good Counsel, Johnstown & ourselves. *They day was spent learning and practising the 8 songs we have been learning since September and there was beautiful singing to be heard by all throughout the day.*

## Maidin Caifé Coffee Morning



Tá maidin caifé na Nollag á reachtáil ag Coiste na dTuismitheoirí i halla na scoile ar an Aoine an 21/12/12 ag a 9.00am. Muna bhfuil freastal déanta agat ar cheann de na maidineacha caifé seo is fiú go mór duit triall a bhaint as. Seans íontach is ea é bualadh le tuismitheoirí eile agus dreas cainte agus clabaireachta a dhéanamh! Tarraingeofar na ticéid do bhuaiteoirí Chrannchur Mór na Nollag ar an lá sin freisin agus cá bhfios ach go gcloisfeá roinnt carúil nollaig ó na páistí freisin!

*Coiste na dTuismitheoirí are holding a coffee morning in the school hall on Friday morning the 21st of December at 9.00am. If you haven't attended one of these infamous coffee mornings it's well worth giving it a go. It's a great opportunity to get to know other parents in the school and just have a general chat and good 'gossip'! The winning tickets for our Monster Christmas Raffle will be pulled during the coffee morning and who knows a little bit of carol singing might be thrown in for good measure!*